

FLAITHBEARTACH EILE A BHÍ INA CHOMHNUIDHE AR LOCH SCAINNIBH I GCÁRNA.

Bhí an fear seo ina chomnuidhe ar oileán a Bhalla ar Loch Scainnibh. Bhíodh sé ar nós mar bhíodh Tadgh na Buille,- a tabhairt rudaí leis. Bhíodh daoine aige agus bád le dhul isteach is amach. Bhí fear dhe chloinne Confhaola shiar an Iorrus Mór. Bhí clainne Confhaola ar fad marbhadh ag na Flaithbhearta ach a fear seo ach mhair sé seo agus mharbhuigh sé féin triúr dhe na Flaithbhearta in Iorrus Mhór.

Nuair a chuala sé faoi an bFlaitheartach seo a bhí ar Loch na Scainnibh tháinig sé aniar agus bhí gléas caithe aige, bhí cora raithnigh taobh amuigh dhe'n oileán, luigh sé innte seo agus bhí an raithneach chomh hárda agus nach raibh aon fheicéal air. Ní raibh mórán achair idir an chora agus an toileán. Bhí cloigeann luaidhe ag a' bFlaitheartach seo agus chuile mhaidin chuirfeadh sé an cloigeann seo anuas ar a chloigeann fhéin go mbreathnuigheadh sé amach thrid a' bhfuinneóg. Dhá bhfeicheadh sé ansoin aon dhuine nach dtaitheodh leis chaithfeadh sé agus mar a bhfeicfeadh bhainfeadh sé dhe an cloigeann luaidhe a tabhairt gaoithe dhó fhéin.

An mhaidin seo nuair a bhreathnuigh sé amach ní fhaca sé aon dhuine agus bhain sé dhe an cloigeann luaidhe agus nuair a bhreathnuigh sé amach an ath-uair spréach Mac a Confhaola leis agus mharbhuigh sé é. Leanadh fear Iorrus Mhór ach tug sé na h-aobha uathab.